

**Príomhfheidhmeannach
Muintearas Teo**

Grád: Príomhfheidhmeannach

Lonnaithe: Tír an Fhia, Co. na Gaillimhe

Téarma: Conradh ar théarma seasta 5 bliana

Spriocdháta: **5.00 i.n. Déardaoin, 8ú Nollag 2022**

Déanfar iarrthóirí don ról seo a fhoinsiú trí fhógraíocht.

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Tá an comórtas earcaíochta seo a reáchtáil ag Rannóg Acmhainní Daonna Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Muintearas Teo.

Teagmhálaí:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna,
An Rannóg Acmhainní Daonna,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

Teil: (353) 91 503100

R-phost: foluntais@udaras.ie

www.udaras.ie



MUINTEARAS TEO PRÍOMHFHEIDHMEANNACH LE CEAPADH

Léargas

Is eagraíocht oideachais agus oiliúna pobail é Muintearas a bunaíodh i 1980. Tá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe i dTír an Fhia, Leitir Móir, Co na Gaillimhe. Tá fo-oifig againn i nGaoth Dobhair, agus fostaithe eile lonnaithe i gceantair éagsúla Gaeltachta. Mar fho-chuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, tá obair Mhuintearais ceangailte go dlúth le haidhmeanna straitéiseacha an Údaráis, i cumasú agus neartú na Gaeltachta.

Tá sé mar mhisean ag an eagraíocht pobail na Gaeltachta a fhorbairt agus a chur chun cinn trí seirbhísí oideachais, oiliúna, tacaíochta agus fiontraíocht shóisialta a sholáthar trí mheán na Gaeilge, agus ag an am céanna teanga agus cultúr an phobail sin a chaomhnú agus a neartú.

Déanann Bord rialaithe ar a bhfuil Cathaoirleach agus cheithre ghnáthchomhalta mar aon le foireann de thart ar 140 duine, (89 acu seo fostaithe mar chuntóirí teanga) sainchúram forbartha na gníomhaireachta a chur i bhfeidhm. Tá tuilleadh eolais maidir le Muintearas Teo le fáil ar an suíomh gréasáin www.muintearas.com.

Cuspóirí

- Luathfhorbairt an Linbh: Dhá naíolann agus seirbhísí cúram iar-scoile.
- Oideachas: Scéim na gCúntoirí Teanga i nGaeltacht Chúigí Uladh, Chonnacht agus Laighin.
- Forbairt Ábhair Foghlama.
- Cláracha don Óige ar fud na nGaeltachtaí ar fad (Óige na Gaeltachta).
- Cláracha Oiliúna agus Traenála.
- Taighde.
- Cúrsaí Oidhreachta.
- Seirbhísí Pobail: Scéim na nÁisitheoirí Oideachais; Seirbhísí Spóirt Chonamara; Bialann pobail “An Chlúid”.

Cur Chuige Straitéiseach

Tosaíochtaí


- Eagraíocht ceannródaíoch inmharthanach atá fréamhaithe inár n-oidhreacht, cultúr & stair a chur chun cinn.
- Dírithe ar dheiseanna oiliúna, forbairt scileanna agus traenála a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta agus iad a chumasú do shaol an lae inniu agus don todhchaí.
- Tacú leis an aos-óg lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais chun ár gcultúr agus ár dteanga dúchais a threisiú.

An Ról agus an Duine

Éilíonn an post seo duine den scoth a mbeidh, ar a laghad, taithí 3 bliana acu ag léibhéal sinsearach agus scileanna eagrúcháin a thuillfidh iontaoibh agus ómós ón bhfoireann, ó chliaint agus ó eagraíochtaí Stáit. Is gá go mbeadh an cumas ag an té a cheapfaí an Ghaeilge a chur chun cinn go héifeachtach. Beidh tábhacht mhór freisin le gnéithe pearsantachta ó thaobh físe agus spreagtha de. Beidh scileanna cruthaithe ceannaireachta, agus an cumas nádúrtha tionchar a imirt riachtanach chomh maith leis an gcumas forbairt ghnó a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna náisiúnta agus réigiúnacha d'fhonn cuspóirí a bhaint amach. Éileoidh sin uilig aibíocht, díogras, féinmhuinín, stuaim agus tuiscint ar dhaoine.

Faoi iamh sa Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí tá Sonraíocht Imlíneach Poist a fhéachann le léiriú a thabhairt ar an bpost dúshlánach, spreagúil seo agus Prófíl Imlíneach Iarrthóra a shonraíonn na cáilíochtaí, an taithí agus na tréithe pearsanta atá ag teastáil.

Struchtúr na hEagraíochta



Rialachas

Freagraíonn an Príomhfheidhmeannach don Chathaoirleach agus do Bhord Mhuintearas Teo.

MUINTEARAS TEO PRÍOMHFHEIDHMEANNACH LE CEAPADH

Sonraíocht Imlíneach Poist

<u>Teideal an Phoist:</u>	Príomhfheidhmeannach
<u>Tréimhse an Chonartha:</u>	Conradh ar théarma seasta 5 bliana
<u>Freagrach:</u>	Coiste Stiúrtha, Muintearas Teo.

Cuspóir Foriomlán

- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus ar an bhfoireann, maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí chun go mbeidh iontaoibh as Muintearas Teo ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Cur i bhfeidhm straitéisí, polasaithe, pleananna agus tionscnaimh chuí a chinnteoidh go gcomhlíonann Muintearas Teo a shainchúraimí chun forbairt agus bearta a chur i bhfeidhm;
- Foireann agus struchtúr eagraíochta Muintearas Teo a chothú agus a fhorbairt;
- Stiúradh éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú clár a fhreagraíonn do riachtanais ghnó agus grúpaí leasmhara agus tacaíocht agus treoir a thabhairt do chleachtais a fheabhsaíonn mianach agus caighdeán ghnóthaí Muintearas Teo lena chuid cuspóirí a bhaint amach;
- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh chun a chinntiú go gcloíonn Muintearas le raon de cheanglais reachtúla agus riaracháin de chuid an Stáit agus de chuid an Aontais Eorpaigh, chomh maith lena chuid reachtaíochta rialaithe féin;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chúnaimh éifeachtach do thionscnaimh atá á mbunú nó á bhforbairt agus géilleadh do riachtanais mar a tharlaíonn siad, agus córas a chothú a choinneoidh creatlach chomhoibritheach comhairle le tionscal agus le comhlachtaí eile stáit;
- Comhpháirtíocht leanúnach a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta chun ailíniú a chinntiú, mar fhochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta, idir clár oibre Mhuintearais agus straitéis Údarás na Gaeltachta;
- Féachaint chuige go mbaintear an luach airgid is fearr agus is féidir as na hacmhainní a aimsítear le haghaidh gníomhaíochtaí Mhuintearas Teo agus go gcomhlíontar go hiomlán ceanglais reachtúla tuairiscithe chuig Údarás na Gaeltachta;
- Úsáid na Gaeilge agus spéis sa chultúr Gaelach a chur chun cinn;

Príomhfhreagrachtaí

- Oibriú go dlúth leis an mBord chun straitéisí, polasaithe agus pleananna a fhorbairt agus a fheidhmiú chun go gcuirfidh foireann ghairmiúil dhúthrachtach seirbhísí gan chliseadh ar fáil;
- Comhoibriú leis an mBord agus le hÚdarás na Gaeltachta lena chinntiú go bhfeidhmítear comhshocruithe rialachais láidre agus go gcomhlíontar riachtanais tuairiscithe phoiblí;
- Ceannaireacht a chur ar fáil chun go bhfreagraíonn Muintearas Teo go pras agus go héifeachtach do dheiseanna a eascraíonn ina thimpeallacht feidhme;
- Foireann a earcú, a fhorbairt agus a spreagadh, tacaíocht a thabhairt do chultúr forásach foirne agus caidrimh na bhfostaithe agus smaointe úra a chothú a chuideoidh le smaointeoireacht straitéiseach;
- A chinntiú go mbeidh struchtúir éifeachtacha eagraíochta i bhfeidhm, agus cultúr a chuireann fáilte roimh athruithe cuí a chothú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre, scéimeanna agus tionscnaimh lena gcuid éifeachtachta a mheas, agus iad a leasú nó a fhorbairt de réir mar is cuí;
- Muintearas Teo agus an leas mór a dhéanann sé a chur chun cinn trí chumarsáid oscailte, fhorghníomhach agus abhcóideachas himheánach/seachtrach;
- Gníomhaíochtaí éagsúla a bhainistiú agus a mheas trí chórais eolais bhainistíochta, modhanna oibre agus córais rialaithe nua-aimseartha;
- Caidreamh leanúnach a chinntiú idir Muintearas agus a máthair-chomhlacht, Údarás na Gaeltachta;
- Athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar struchtúir chostais agus feidhmíocht airgeadais agus foirne;
- Maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar bhainistiú riachtanas maoine, ceannach agus diúscairt maoine agus saoráidí san áireamh;
- Caidreamh agus idirbheartaíocht, de réir mar is gá, a dhéanamh nó a eagrú le conraitheoirí, díoltóirí agus soláthraithe, chomh maith le cliaint;
- Deiseanna forbartha agus rioscaí a thagann chun cinn a aithint agus a mheas, agus na céimeanna cuí a ghlacadh ina leith;
- Féachaint ar na deiseanna maidir le héadálacha, comhpháirtíochtaí teicniúla agus comhfhiontair, mar aon le deiseanna maidir le diúscairt maoine nó infheistíochtaí;
- Comhoibriú a chothú trí dhlúthchaidreamh le comhlachtaí stáit agus le páirtithe leasmhará eile;
- Úsáid na Gaeilge mar mheán cumarsáide beo a spreagadh go díograiseach agus tacú leis sin agus béim a chur ar ghníomhaíochtaí agus ar oidhreacht chultúir na Gaeilge agus na Gaeltachta;

Measfar feidhmíocht trí:

- A mhéid a dhéanann Muintearas Teo freastal ar riachtanais Pobail na Gaeltachta a fhorbairt agus a chur chun cinn trí sheirbhísí oideachais, oiliúna, tacaíochta agus fiontraíocht shóisialta a sholáthar dóibh trí mheán na Gaeilge, agus ag an am céanna teanga agus cultúr an phobail sin a chaomhnú agus a neartú.
- Cur i bhfeidhm straitéisí agus pleananna oibríochta a bheidh cuí agus rathúil;

- An tslí ina mbíonn pleananna á gcur i bhfeidhm de réir straitéisí, spriocanna agus bhuiséid chomhaontaithe Muintearas Teo;
- Rath a bheith ar iarrachtaí íomhá an chultúir Ghaelaigh agus úsáid na Gaeilge féin a fheabhsú;
- Cumas Muintearas Teo riachtanais an mhargaidh agus riachtanais reachtúla a fhreagairt agus a shásamh;
- An chaoi a ndéanann an Príomhfheidhmeannach bainistíocht agus foireann Mhuintearais a spreagadh agus a threorú;
- Na cliant a bheith sásta leis an tseirbhís a fhaigheann siad ó Muintearas Teo.

Mar aon le measúnuithe eile de réir mar is cuí, déanfar athbhreithniú foirmiúil in aghaidh na bliana faoi stiúir an Chathaoirligh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh.

Luach Saothair agus Sochair

Seo a leanas a bheidh sa phacáiste, cuid de chonradh téarma seasta 5 bliana

- Is é an Coiste Stiúradh a shocraíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le toiliú Údarás na Gaeltachta. Is é an ráta buntuarastail reatha don phost ná €73,236 in aghaidh na bliana; Beidh ráta tuarastail comhionann le leibhéal Príomhoifigeach Cúnta sa tseirbhís poiblí infheidhmithe don phost seo.
- 30 lá oibre a bheidh sa tsaoire bhliantúil. Níl laethanta saoire poiblí san áireamh sa tsaoire seo.

Costais

- Íocfar costais taistil (míleáiste san áireamh) agus iostais ag cibé rátaí agus faoi réir cibé coinníollacha a chinnfidh Muintearas Teo ó am go ham le ceadú ón gCathlaoireach.

MUINTEARAS TEO PRÍOMHFHEIDHMEANNACH LE CEAPADH

Próifíl Imlíneach Iarrthóra

Cáilíochtaí Acadúla

An leibhéal oideachais cuí maidir le príomhphost in eagraíocht Stáit agus ab fhearr a bheith nasctha le cáilíocht iarchéime (nó a chomhionann a fuarthas trí thaithí ábhartha).

Cúlra Ginearálta

Ní mór buanna pearsanta agus saineolas den scoth a bheith ag iarrthóirí. Ní mór go mbeadh an mhúinín agus an aibíocht ag iarrthóirí chun déileáil le gnóthaí seachtracha, le Bord agus le bainistíocht Muintearas Teo agus leis an bhfoireann. Ní mhór go mbeidh sé cruthaithe go bhfuil go leor bainte amach ag iarrthóirí i dtionscal, in eagraíocht shuntasach forbartha nó sa tseirbhís phoiblí:

- Rath ó thaobh ceannaireachta mar bhainisteoir sinsearach agus toradh bainte amach trí fheidhmíocht foirne;
- Cumas cruthaithe ó thaobh deiseanna a aimsiú agus a thapú agus ó thaobh straitéisí agus pleananna a fhorbairt chun na deiseanna seo a thabhairt chun críche;
- Scileanna cumarsáide den scoth i nGaeilge (ag leibhéal TEG C1 nó a chomhionann) agus i mBéarla mar aon le pearsantacht a théann i bhfeidhm ar agus a spreagann daoine;
- Taithí ó thaobh tionscadail a fhorbairt agus ó thaobh caidreamh le geallsealbhóirí a láimhseáil.

Eolas, Scileanna agus Taithí

Comhlíonfaidh iarrthóirí, más féidir, na riachtanais seo a leanas ar spriocdháta an chomórtais seo:

- Beidh go leor bainte amach aige nó aici ag leibhéal sinsearach agus beidh fíis, ceannaireacht, scileanna bainistíochta riachtanacha agus cumas nuálaíochta léirithe acu;
- Beidh taithí acu ag leibhéal sinsearach bainistíochta laistigh de thimpeallacht forbartha/tráchtála nó in earnáil den tsórt sin;
- Beidh tuiscint chuimsitheach acu ar an nGaeilge agus beidh cumas d'ardleibhéal aige nó aici i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (ag leibhéal TEG C1 nó a chomhionann);
- Beidh eolas leathan acu ar an earnáil phoiblí agus ar ghníomhaireachtaí stáit;
- Beidh saineolas ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorbairt polasaí acu maraon le tomhas feidhmithe agus feidhmíochta an dá réimse sin;
- Beidh scoth na scileanna bainistíochta foirne, eagraíochta agus ceannaireachta acu chomh maith le cumas straitéiseach agus anailíseach;

- Beidh scoth na scileanna cumarsáide agus idirphearsanta acu agus beidh cumas léirithe acu ó thaobh caidrimh mhaith oibre a chothú le gach disciplín/páirtí leasmhar;
- Beidh tuiscint mhaith acu ar staid shochtheangeolaíoch na Gaeltachta agus ar staid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta;
- Beidh tuiscint acu ar na dúshláin atá roimh an nGaeilge agus roimh an nGaeltacht tríd is tríd;
- Beidh cáilíocht chúí trío leibhéal acu nó a chomhionann.

Tréithe Pearsanta

Léireoidh an té a cheapfar na scileanna atá ag teastáil do phostanna ardleibhéil san earnáil phoiblí:

- Tuiscint shoiléir, nó an cumas tuiscint shoiléir a shealbhú go tapaidh, ar an raon éagsúil gníomhaíochtaí gnó atá faoi cheannaireacht ag an eagraíocht agus ar na príomhchomhéadain idir na gníomhaíochtaí sin agus an comhthéacs eacnamaíochta agus sóisialta níos leithne;
- Beidh cáilíochtaí ceannaireachta agus ardleibhéal bainistíochta agus scileanna eagraíochtúla léirithe acu agus an cumas léirithe aige nó aici foirne a fhorbairt agus foireann a bheadh bunaithe i roinnt áiteanna éagsúla a bhainistiú agus tionchar a bheith aige nó aici ar an ardbhainistíocht in eagraíochtaí eile;
- Beidh taithí léirithe acu gur ghlac siad ceannaireacht ar chlár thábhachtacht athraitheach ag ardleibhéal in eagraíocht rathúil;
- Beidh taithí léirithe acu ó thaobh cláir éifeachtachta a fheidhmiú agus a chinntiú gur baineadh an leas is fearr as acmhainní;
- Beidh scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth acu agus beidh ar a gcumas caidrimh éifeachtacha inmheánacha nó sheachtracha ag leibhéal sinsearach le gníomhaireachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara eile a bhunú;
- Beidh dílseacht, tiomantas, fuinneamh, dúthracht agus cumas ardfhorbartha ceannaireachta léirithe acu;
- Beidh an cumas léirithe acu go bhfuil siad ábalta deileáil le hathruithe agus bainistiú a dhéanamh orthu chomh maith leis an chumas a bheith nuálach i dtimpeallacht chasta a bhíonn ag athrú go tapaidh.


Príomh-Inniúlachtaí d’fheidhmíocht éifeachtach ag Leibhéal Príomhoifigigh Cúnta – Stáit Seirbhíseach

Dírítear aird iarrthóirí ar na príomhinniúlachtaí atá forbartha le húsáid i bpoist ardleibhéil san earnáil phoiblí.

Léiríonn an tsamhail inniúlachta nua an timpeallacht chasta athraitheach ina bhfeidhmíonn fostaithe ina bpoist sinsearacha san earnáil phoiblí agus níos lú acmhainní acu agus brú ó thaobh seachadadh agus torthaí a bhaint amach, le clár athchóirithe uailmhianach seirbhíse poiblí le baint amach agus na meáin agus an pobal ag faire níos géire orthu.

Tá ‘Luachanna Seirbhíse Poiblí’ mar bhunchloch do cheithre phríomhréimse inniúlachtaí, agus baineann foghnéithe le péire acu.

PRÍOIFIGEACH CÚNTA



PRÍOMHOIFIGEACH CÚNTA
Ceannaireacht
<ul style="list-style-type: none">• Cuireann go gníomhach le forbairtí straitéisí agus beartais na hEagraíochta;• Dírithe agus tiomanta ar ardfheidhmíocht a bhaint amach, pléitear le ceisteanna feidhmíochta de réir mar a tharlaíonn siad;• Tugann treoir agus baineann an fiúntas is mó as an bhfoireann ina hiomláine;• Smaoiníonn sé/sí ar éifeacht thorthaí i dtéarmaí ginearálta seachas ina réimse féin;• Sainmhíneann spriocanna go soiléir agus dáileann freagrachtaí go héifeachtach, spreagtar freagracht as dualgais;• Cumas daoine eile a fhorbairt trí aiseolas, cóitseáil agus trí dheiseanna chun scileanna a fhorbairt, a chruthú;• Aithníonn sé/sí deiseanna chun slite nua agus nuálacha maidir le seirbhís a sholáthar.
Anailís & Cinntí a Dhéanamh
<ul style="list-style-type: none">• Déanann sé/sí taighde dúthrachtach agus téann sé/sí i gcomhairle chun gach eolas a bhailiú faoin ábhar;• Tuigeann sé/sí ceisteanna casta gan mhoill, glacann sé/sí agus déanann sé/sí measúnú ar shonraí (sonraí uimhriúla san áireamh);• Cuireann sé/sí eolas éagsúil le chéile, aithníonn sé/sí comhchaidreamh agus naisc;• Déanann sé/sí cinntí atá soiléir agus le ciall faoi cheisteanna tábhachtacha;• Cuireann sé/sí impleachtaí uile na gcinntí ar pháirtithe leasmhara san áireamh;• Tógann sé/sí seasamh daingean ar cheisteanna a cheapann sé/sí atá tábhachtach.
Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar
<ul style="list-style-type: none">• Tógann sé/sí freagracht as obair dhúshlánach agus soláthraíonn sé/sí an obair in am agus ar ardchaighdeán;• Déanann sé/sí pleanáil agus tugann sé/sí tosaíocht don obair ó thaobh tábhachta, amscála agus chonstaicí eile de, athraíonn sé/sí tosaíochtaí de réir mar a athraíonn na cúinsí;• Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán agus éifeachtach ar fáil do chustaiméirí sa rannóg;• Scrúdaíonn sé/sí ceisteanna féachaint an féidir rudaí a dhéanamh níos fearr;

<ul style="list-style-type: none"> • Tá meoin oscailte aige/aici maidir le smaointe, tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna; • Cinntíonn sé/sí go bhfuil bearta rialála agus feidhmíochta in áit chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar; • Déanann sé/sí bainistíocht éifeachtach ar thionscadail éagsúla.
<p>Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide</p>
<ul style="list-style-type: none"> • An cumas eolas a thabhairt go muiníneach, go loighciúil agus go diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn; • Spreagann sé/sí comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre; • Spreagann sé/sí obair foirne sa rannóg, ach oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail; • Bíonn sé/sí ar a s(h)uaimhneas agus i gceannas agus é/í ag obair chun dul i bhfeidhm ar dhaoine eile; • Cuireann sé/sí béim ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse; • Forbraíonn agus cothabhálann sé/sí gréasán teagmhálaithe chun cuidiú le fadhbanna a réiteach nó chun eolas a roinnt; • Déanann sé/sí teagmháil éifeachtach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, comhghleacaithe sa tseirbhís phoiblí agus an córas polaitíochta.
<p>Díograis agus Tiomantas</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Tá sé/sí spreagtha agus léiríonn sé/sí gur mian leis /léi feidhmiú go leanúnach ag an ardleibhéal; • Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi; • Cinntíonn sé/sí go ndírítear ar an saoránach maidir le gach seirbhís a sholáthraítear; • Cuireann sé/sí na caighdeáin is airde maidir le heitic agus ionracas chun cinn trína leithéid a dhéanamh é/í féin.
<p>Saineolas, Oilteacht agus Féin-fhorbairt</p>
<ul style="list-style-type: none"> • Tuigeann sé/sí go soiléir a spriocanna féin agus spriocanna na foirne agus conas mar a oibríonn siad san aEagraíocht; • Tá sár-eolas aige/aici ar cheisteanna na hEagraíochta agus tuigeann sé/sí tosaíochtaí uile na heagraíochta; • Measann na páirtithe leasmhara gur saineolaí é/í ina réimse féin; • Tá sé/sí dírithe ar fhorbairt phearsanta, lorgaíonn sé/sí aiseolas agus deiseanna do dhul chun cinn maidir le riachtanais ar leith an phoist a chomhlíonadh.

Caithfidh iarrthóirí, gan aon eisceacht, aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thabhairt ar aird ag an staid iarratais den phróiseas earcaíochta. Mura ndéanfaidh iarrthóir aon choimhlint leasa den tsórt sin a thabhairt ar aird agus má thagann an choimhlint ar aird ina dhiaidh sin d'fhéadfaí an t-iarrthóir a dhícháiliú ón gcomórtas nó má thairgtear ról don

iarrthóir i Muintearas Teo agus má ghlacann sé nó sí leis ar bhonn eolais mhíthreoraigh d'fhéadfaí an duine sin a dhífhostú as an bpost.

An Próiseas Roghnaithe

Le hIarratas a Dhéanamh:

Tá an comórtas earcaíochta seo a reáchtáil ag Rannóg Acmhainní Daonna Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Muintearas Teo.

Ba chóir do gach iarrthóir dul chuig www.udaras.ie cliceáil ar an bpost agus ansin litir chumhdaigh, a dhéanann cur síos ar a n-oiriúnacht don phost seo, agus CV cuimsitheach a sheoladh ar ríomhphost chuig foluntais@udaras.ie.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta.

Spriocdháta:

Caithfidh d'iarratas a bheith curtha isteach ar an tairseach iarratas ar-líne agus glacadh roimh **5.00 i.n. (go baileach) Déardaoin, 8ú Nollag 2022**. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an ama sin.

Mura bhfaighidh tú admháil go bhfuil d'iarratas faighte laistigh de 48 uair an chloig tar éis duit an t-iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le foluntais@udaras.ie le do thoil. (Ar iarrthóirí atá an fhreagracht a chinntiú go mbeidh iarratais chomhlíonta faighte roimh an spriocdháta atá tugtha).

Coinneofar ar an eolas tú faoin bhfeachtas tríd an seoladh r-phoist a chuirfidh tú ar fáil.

Ar iarrthóirí atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ag fáil gach cumarsáid ó Údarás na Gaeltachta. Comhairlítear duit do chuid r-phost a sheiceáil go rialta le linn an chomórtais; coinnigh súil ar fhilleáin "junk/spam" ar fhaitíos go rachadh aon r-phost ar seachrán iontu.

Ní ghlacann Muintearas Teo agus Údarás na Gaeltachta le haon fhreagracht as aon chumarsáid nach n-osclaíonn an t-iarrthóir nó nach bhfaigheann sé nó sí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Muintearas Teo agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá tugtha síos ar an litir chumhdaigh/CV cruinn.

Ní ghlacann Muintearas Teo le haon fhreagracht as aon chumarsáid nach n-osclaíonn an t-iarrthóir nó nach bhfaigheann sé nó sí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Muintearas Teo agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá curtha síos ar an bhfoirm iarratais cruinn.

An Próiseas Roghnaithe:

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa Phróiseas Roghnúcháin:

CV cuimsitheach agus litir chumhdaigh a chur ar aghaidh chuig foluntais@udaras.ie ;

Gearrliosta iarrthóirí bunaithe ar eolas a bheidh ina gcuid iarratas (caithfidh iarrthóirí na híoschritéir atá leagtha amach sa cháipéis seo a chomhlíonadh);

Ag brath ar thaithí agus caighdeán na n-iarrthóirí, d'fheadfadh nach roghnófaí gach duine a chomhlíonann na híoschritéir chun dul faoi agallamh;

Agallamh iomaíoch (bunaithe ar inniúlachtaí);

Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí.

Gearrliosta:

Go hiondúil faightear níos mó iarratas ar phost ná an méid daoine a theastaíonn chun folúntais láithreacha nó folúntais amach anseo sa phost sin a líonadh. Ainneoin go gcomhlíonfá riachtanais incháilíochta don chomórtas, sa chás go mbeadh an líon daoine a bheadh ag cur isteach ar an bpost chomh hard agus nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh Muintearas Teo a shocrú nach nglaofar ach ar líon níos lú daoine chun agallaimh. Maidir leis sin, déanann Muintearas Teo. próiseas gearrliosta a úsáid le grúpa a roghnú le hagallamh a chur orthu, grúpa a bhreathnaíonn, tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais agus CVanna, gurb iad is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe iniúchadh ar na foirmeacha iarratais i gcoinne critéar réamhshocráithe a bheidh bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé sin le rá go deimhin go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó neamhinniúil ar an bpost a dhéanamh ach go mbreathnaíonn sé go bhfuil roinnt iarrthóirí, bunaithe ar a n-iarratais, níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí chuí acu. Is é do leas é, mar sin, cuntas mion cruinn a sholáthar ar do chuid cáilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Amchlár an Phróisis Earcaíochta

- **Spriocdháta d'iarratais: 5.00 i.n. Déardaoin, 8ú Nollag 2022**
- **Gearrliosta á chur faoi bhráid an Bhoird Roghnúcháin: Tús mhí na Nollag**
- **An chéad chéim Agallaimh: Tús mhí na Nollag**
- **An dara céim Agallaimh (más gá): Lár mhí na Nollag**
- **Tairiscint ar phost: Lár mhí na Nollaig**

Eolas Tábhachtach Eile:

Ní bheidh aon fhreagracht ar Muintearas Teo as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí.

Ní hionann duine a ligean isteach ar chomórtas nó cuireadh a thabhairt chun agallaimh dó/di nó fógra gur éirigh le duine agus a thabhairt le tuiscint go bhfuil Muintearas Teo sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil an duine dícháilithe faoin dlí ó thaobh an phoist sin a líonadh agus níl aon bharántas ann go ndéanfar an t-iarratas sin a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach mar sin go dtabharfaí ar aird gur ortsa atá an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilíochta don chomórtas sula dtiocfaidh tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála agus go dtagann tú chuig agallamh ní bheidh tú ach ag cur costais ort féin.

Sula molfaidh Muintearas Teo aon iarrthóir chun a c(h)eapadh sa phost déanfaidh siad gach fiosrúchán a mheasfar a bheith cuí le hoiriúnacht an iarrthóra a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil a leithéid de chinneadh déanta.

Sa chás go n-eiteoidh an duine a mholtar don phost an post nó má ghlacann sé nó sí leis agus ansin tarraingt siar as nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh sa phost bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe.

Dualgais Iarrthóirí:

Tabharfaidh iarrthóirí ar aird nach nglacfar le haon chanbhasáil agus go ndéanfar dícháiliú ar an iarrastóir dá bharr agus go gcuirfear amach as an bpróiseas iad.

Ní dhéanfaidh iarrthóirí:

- Eolas falsa a chur ar fáil
- Canbhasáil ar aon duine le speagadh ná gan spreagadh
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó baint de
- Tríú páirtí a chur isteach á bpearsanú ag aon staid den phróiseas
- Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó aon duine a chuideoidh le duine eile chun na forálacha thuas a shárú beidh siad ciontach i gcion. Dlífear fineáil/nó príosúnacht ar dhuine a chiontófar i gcion.

Chomh maith leis sin i gcás duine a bheidh ciontaithe i gcion a bheith nó a bhí ina iarrthóir ag próiseas earcaíochta:

- Sa chás nach mbeidh sé/sí ceaptha i bpost, déanfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir agus
- Sa chás é/í a bheith ceaptha i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Critéir shonracha iarrthóra:

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu le dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ar bhonn carachtair
- A bheith oiriúnach ar gach bealach cuí eile le ceapadh sa phost atá i gceist

Agus má éiríonn leo ní cheapfar sa phost iad go dtí:

- Go n-aontóidh siad glacadh leis na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglacfaidh siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó na coinníollacha faoina gcaithfí na dualgais a chomhlíonadh
- Go bhfuil siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuil siad go hiomlán ábalta tabhairt fúthu
- Go ndeimhneoidh scrúdú dochtúra go bhfuil siad folláin leis an gceapachán a ghlacadh.

Iarrthóirí a mheas a bheith tarraingthe siar:

Aon iarrthóir nach ndéanfaidh freastal ar agallamh nó tástáil eile ag an am uair agus an áit a éilíonn Muintearas Teo, nó nach soláthraíonn, arna éileamh cibé fianaise atá riachtanach ó Muintearas Teo maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon bhreithnithe eile.

Seirbhís Ardchaighdeáin Custaiméirí:

Bímid ag iarraidh seirbhís den scoth a sholáthar dár gcuid custaiméirí. Sa chás ar aon chúis nach bhfuil tú sásta le haon chuid den tseirbhís a fhaigheann tú uainn iarraidimid ort é sin a thabhairt ar aird an aonaid nó an bhaill foirne atá i gceist. Tá sé sin tábhachtach chun go mbeadh fios againn faoin bhfadhb agus go mbeidh deis againn na bearta cuí a ghlacadh leis an scéal a réiteach. Tabharfar aiseolas i scríbhinn.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018:

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS AE 2016/679), i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, in áit na Treorach maidir le Cosaint Sonraí 95/46/EC, agus tá sé ceaptha chun dlíthe cosanta sonraí ar fud na hEorpa a chomhoiriúnú chun príobháideachas sonraí shaoránaigh an AE a chosaint agus cumhacht a thabhairt dóibh. Nuair a dhéanann tú iarratas, beidh taifead ag Muintearas ar na sonraí a sholáthraíonn tú san iarratas. Déanfar próiseáil ar na sonraí ag cinntiú go bhfuil an próiseálaí ag próiseáil sonraí pearsanta de réir na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018.

Rúndacht:

Déanfar cúram do rúndacht na n-iarrthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfear gach ábhar a bhaineann leis an bpróiseas iarratais ar fáil dóibh siúd a bhfuil freagracht díreach acu as an bpróiseas earcaíochta.

Tabhair faoi deara gur féidir an t-eolas a chuir tú ar fáil mar chuid de d'iarratas a úsáid mar chuid dár méadracht éagsúlachta, comhionannais agus cuimsithe i ndáil leis an bhfeachtas seo.

Comhlíonadh Dlíthiúil:

Tá Muintearas Teo agus Údarás na Gaeltachta ag iarraidh cearta an iarrthóra a chosaint de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015, an Acht Fostaíochta 2018 (forálacha ilghnéitheach), na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Rochtain & Comhionannas

I gcás ina n-éilíonn céimeanna an phróisis roghnúcháin go mbeidh iarrthóirí i láthair, déanfar gach socrú réasúnach san ionad chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar an ionad. I gcás ina gcuireann céimeanna an phróisis roghnúcháin srian le haon duine faoi mhíchumas, déanfar gach beart réasúnta chun cothromas na hionadaíochta a chinntiú. Ní mór d'iarrthóirí, áfach, an painéal agallaimh a chur ar an eolas mar chuid dá n-iarratas ag tús an phróisis iarratais maidir le haon socrúithe ar leith a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.